# An Téacs

## Sraith 8: Timpiste sa Choláiste Samhraidh

**Pictiúr 1. Tháinig Cian, Colm agus Páid go dtí an Ghaeltacht.**

Chláraigh triúr déagóirí ar chúrsa Gaeilge i gcoláiste samhraidh sa Ghaeltacht. Thug a dtuismitheoirí ann iad in dhá charr. D'fhág siad iad os comhair ionad an choláiste ar an gcéad lá, iad féin agus a gcuid málaí. D'fhág na tuismitheoirí slán acu agus iad ag scairtíl orthu taithneamh a bhaint as an gcúrsa agus a bheith cúramach. Ghuigh siad ádh mór orthu.
Bhí fógra ar bhalla an choláiste "Cúrsa anseo sa Ghaeltacht do dhéagóirí." Lá breá tirim a bhí ann. Ní raibh ach t-léinte á gcaitheamh ag an triúr. Bhí mála droma ar a ndroim ag beirt acu. Tabharfaidh mé Cian, Colm, agus Páid orthu. Páid an stócach leis an ngruaig fhionn.

**Pictiúr 2. Bhí imeachtaí an lae le feiceáil ar chairt ar an mballa.**

Nuair a chuaigh siad isteach san ionad chonaic siad clár an lae ar chairt ar an mballa.
Óna leath uair tar éis an naoi go dtí a leath uair tar éis a dó dhéag bheadh ranganna ar siúl. Chonaic siad go mbeadh lón le caitheamh sa choláiste féin idir a leath uair tar éis a dó dhéag agus a leath uair tar éis a haon. Óna leath uair tar éis a haon go dtí a leath uair tar éis a cúig bheadh cluichí páirce agus cluichí ar an trá á n-eagrú. Dá mbeadh an aimsir fliuch bheadh cluichí istigh acu. Idir a sé agus a leath uair tar éis a seacht bheadh dinnéar sna tithe lóistín agus óna leath uair tar éis a hocht go dtí a deich a chlog bheadh céilí nó seó tallainne sa halla. Ag a leath uair tar éis a deich bheadh ar na scoláirí a bheith ar ais sna tithe lóistín. Ghlaofaí rolla sna tithe gach oíche chun a chinntiú go raibh gach duine istigh.

**Pictiúr 3: Chuaigh Páid ag imirt peile um thráthnóna.**

Chuaigh an fear fionn, Páid, amach ar an bpáirc ag imirt péile lá. Bhí an pháirc feistithe amach le peil gaelach a imirt. Bhí dhá chuaille arda agus trasnán Bhí sé crochta ansin ós cionn na farraige. Bhí radharc aláinn ar bháid seoil ag dul thar bráid i ngiorracht leathmhíle den pháirc. Tharla timpiste do Pháid. Bhí sé ina luí ar an talamh agus é ag screadaíl in ard a chinn is a ghutha. Bhí pian uafásach aige ina lorga nó ina mhurnán (rúitín). Níl a fhios agam céard a d'éirigh (tharla) dhó. B'fhéidir go bhfuair sé speach bróige ó imreoir eile. Bhí sé i gcruachás agus é ina luí ar an bhféar.

# An Téacs

**Pictiúr 4: B'éigean Páid a sheoladh go dtí an t-ospidéal.**

Cuireadh fios ar na múinteoirí. Tháinig an Príomhoide agus dúirt sé le múinteoir amháin Páid a thabhairt go dtí an t-ospidéal. (Bhí an leasainm "guaireachán" ar an múinteoir áirithe seo mar bhí féasóg air.) Bhí trua ag bean tí lóistín Pháid dó. Bheadh turas caoga míle le déanamh acu go dtí an t-ospidéal. Bhí a fhios aici go raibh dúil mhór ag Páid sa spórt agus go gcaillfeadh sé na cluichí dá mbeadh a chos briste. Ní gan dua a chuaigh Páid isteach sa charr mar bhí a chos an-nimhneach. B'éigean don mhúinteoir taca a thabhairt dó. Dúirt an Príomhoide leo glaoch air ón ospidéal a luaithe is a bheadh scéala acu.

**Pictiúr 5: San ospidéal**

San ospidéal tugadh Páíd isteach ar thralaí agus rinneadh scrúdú air. Tháinig fear gleasta i gcóta bán a raibh steiteascóp timpeall ar a mhuineál aige. Chuir sé é féin in aithne don mhúinteoir. An Dochtúir Ó Broin ab ea é. Dúirt sé go raibh deá-scéal aige. Dúirt sé nach raibh an chos briste ach go gcaithfeadh Páid sos a ghlacadh ón bpeil agus ó ghníomhaíochtaí mar sin. Chaithfeadh sé maidí croise a úsáid go ceann tamaill. I gceann seachtaine bheadh sé go breá. Thóg an Príomhoide fón as a phóca agus chuir sé glao gutháin ar an tuismitheoir, Bean Uí Mhurchú, máthair Pháid. Dúirt sé léi gan a bheith buartha, go raibh dea-scéala aige di. D'inis sé di nach raibh an chos briste ach go gcaithfeadh Páid sos a thógáil go ceann tamaill agus go mbeadh sé go breá arís gan mhoill.

**Pictiúr 6: Bhí céilí ar siúl nuair a d'fhill Páid agus an múinteoir.**

Ag a fiche tar éis a deich an oíche sin, nuair a bhí an céilí faoi lán seol, d'fhill Páid ar an gcoláiste in éineacht leis an múinteoir. Bhí sé ag bacadaíl leis ar mhaidí croise ach bhí sé sona. Bhí áthás ar na scolairí go léir é a fheiceáil ag teacht ar ais. Chuir siad fáilte roimhe. Thug siad bualadh bos dó.